
Géarchéim Lóistín do Mhic Léinn




Eochairfhocail: Aire, institiúid, mic léinn, dúshlán
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén aireacht atá ag an Teachta Dála James Lawless?
2. Cé mhéad leaba nua lóistín a chuirfear ar fáil do mhic léinn ollscoile faoin bplean nua seo?
3. Cé mhéad institiúid tríú-leibhéal atá ainmnithe le páirt a ghlacadh sa phlean seo?
4. An gceapann Ivan McPhilips go réiteoidh plean nua seo an rialtais an ghéarchéim seo maidir le lóistín do mhic léinn ollscoile?
5. An bhfuil pobal na hollscoile in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i nGaillimh ag dul i méid nó ag dul i laghad gach bliain?
6. Breac síos ceantar amháin a luann Pádraig Mac Brádaigh óna bhfuil mic léinn ag taisteal le freastal ar an ollscoil sin de bharr easpa lóistín go háitiúil.
7. Scríobh síos ceann amháin de na dúshláin is mó atá roimh mhic léinn ollscoile agus a dteaghlaigh faoi láthair dar leis an Aire Lawless?
8. Cén chanúint atá ag tuairisceoir na míre nuachta seo, Patrick Mac Fhionnlaoich?

Géarchéim Lóistín do Mhic Léinn




Eochairfhocail: Aire, institiúid, mic léinn, dúshlán
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Labhartha:
Ag obair le do pháirtí ranga dénaigí plé ar na ceisteanna seo a leanas.

- Ar mhaith leat freastal ar an ollscoil nó ar chúrsa éigin amach anseo?
- Ar mhaith leat freastal ar ollscoil/chúrsa gar do do theach/d'árasán féin nó arbh fhearr leat fanacht i lóistín eile?
- Cén cúrsa a mbeadh suim agat ann?
- Cé mhéad pointe a bheadh ag teastáil don chúrsa seo?
- Cén fáth ar mhaith leat tabhairt faoin gcúrsa áirithe sin?
- Cad ba mhaith leat a dhéanamh ina dhiaidh sin? Cén tslí bheatha ar mhaith leat a dhéanamh?
- Conas atá na coinníollacha oibre a bhaineann leis an tslí bheatha sin?
- An bhfuil post páirtaimseartha agat anois?

Géarchéim Lóistín do Mhic Léinn




Eochairfhocail: Aire, institiúid, mic léinn, dúshlán
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:
Tá tú ag fanacht in árasán ar champas ollscoile. Déan cur síos ar an árasán sin. Is leor 80 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Beag bídeach	Cistin bheag
Te teolaí i rith an gheimhridh	An-áisiúil
In aice na hollscoile	Ag roinnt an árasáin le triúr eile
Easpa príobháideachais	An t-ádh dearg



Géarchéim Lóistín do Mhic Léinn



Eochairfhocail: Aire, institiúid, mic léinn, dúshlán
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

1. Aire Breis-Oideachais agus Ard-Oideachais, Taighde, Nualaíochta agus Eolaíochta
2. 3,300
3. 4
4. Ní cheapann, sop in áit na scuaibe atá ann
5. Ag dul i méid
6. Luimneach, Acaill i Maigh Eo
7. Lóistín a fháil ar phraghas réasúnta
8. Canúint Uladh/Thír Chonaill